# RIALACHÁN (AE) 2021/1901 ÓN gCOIMISIÚN

**an 29 Deireadh Fómhair 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Iarscríbhinn II, pointe (d), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Eascraíonn sé as Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 gur cheart na sonraí agus na meiteashonraí maidir le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte a leagan amach trí bhearta cur chun feidhme.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, rinne an Coimisiún measúnú costais is tairbhe, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann le hinfhaighteacht sonraí maidir le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte. Ba cheart athróga maidir le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte a bhailiú chun a áirithiú go mbeidh sonraí ar fud an Aontais ar fáil le haghaidh cinntí a bhaineann le beartas sláinte agus sóisialta.

(3) Chuir an Coimisiún (Eurostat) lámhleabhar tagartha staidrimh, Córas na gCuntas Sláinte 2011 ([2]), ar fáil i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, chun ábharthacht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. Maidir leis an lámhleabhar seo, ina leagtar amach na coincheapa, na sainmhínithe agus na modhanna i dtaca le próiseáil sonraí a bhaineann le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte, ba cheart é a bheith mar bhonn don cheistneoir mionsonraithe agus do na treoirlínte a ghabhann leis an gcleachtadh bliantúil comhpháirteach maidir le bailiú sonraí.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le staidreamh Eorpach a fhorbairt agus a tháirgeadh i réimse an chaiteachais ar chúram sláinte agus an mhaoinithe cúraim sláinte, a bhfuil sé ar cheann de na hábhair le haghaidh staidrimh ar chúram sláinte a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008.

*Airteagal 2*

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

---

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 70.

([2]) ECFE, Eurostat agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Córas Cuntas Sláinte 2011.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

*Airteagal 3*

Soláthróidh na Ballstáit sonraí le haghaidh na limistéar agus ar an leibhéal comhiomlánaithe a shonraítear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 4*

1. Soláthróidh na Ballstáit na sonraí riachtanacha agus na meiteashonraí tagartha caighdeánacha comhlachaithe ar bhonn bliantúil. An bhliain féilire a bheidh sa tréimhse thagartha. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.

2. Déanfar sonraí agus meiteashonraí tagartha le haghaidh na bliana tagartha N a tharchur faoin 30 Aibreán N+ 2.

3. Cuirfear sonraí agus meiteashonraí tagartha ar fáil don Choimisiún (Eurostat) trí sheirbhísí an phointe iontrála aonair a úsáid, nó cuirfear ar fáil iad don Choimisiún (Eurostat) lena n-aisghabháil go leictreonach.

*Airteagal 5*

Soláthróidh na Ballstáit na meiteashonraí tagartha is gá, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) foinsí na sonraí agus a gcumhdach;

(b) na modhanna tiomsaithe a úsáideadh;

(c) faisnéis faoi ghnéithe den chaiteachas ar chúram sláinte náisiúnta agus maoiniú cúraim sláinte a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit agus aon diall ó na sainmhínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(d) tagairtí don reachtaíocht náisiúnta i gcás inarb í is bonn do chaiteachas ar chúram sláinte agus do mhaoiniú cúraim sláinte;

(e) faisnéis faoi aon athrú ar na coincheapa staidrimh a luaitear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Sainmhínithe**

1. Ciallaíonn "cúram sláinte" na gníomhaíochtaí uile a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu stádas sláinte daoine a fheabhsú agus a chothabháil, meath ar stádas sláinte daoine a chosc, agus iarmhairtí na drochshláinte a mhaolú trí eolas sláinte cáilithe a chur i bhfeidhm;

2. Ciallaíonn "caiteachas reatha ar chúram sláinte" caiteachas tomhaltais chríochnaithigh de chuid aonad cónaitheach ar earraí agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear na hearraí agus na seirbhísí cúraim sláinte a sholáthraítear go díreach do dhaoine aonair chomh maith le seirbhísí cúraim sláinte chomhchoitinn;

3. Ciallaíonn "feidhmeanna cúraim sláinte" an cineál riachtanais a bhfuil sé d'aidhm ag earraí agus seirbhísí cúraim sláinte a chomhlíonadh nó an cineál cuspóra sláinte atáthar a shaothrú;

4. "Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar cónaitheach": Ciallaíonn "cúram othar cónaithe" an chóireáil agus/nó an cúram a sholáthraítear i saoráid cúraim sláinte d'othair a thógtar isteach go foirmiúil agus ar gá dóibh fanacht thar oíche; Ciallaíonn "cúram leigheasach" na seirbhísí cúraim sláinte a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu na siomptóim a mhaolú nó déine tinnis nó díobhála a laghdú, nó gan ligean dó dul in olcas nó dul in aimhréidh i gcaoi a chuirfeadh an bheatha nó an ghnáthfheidhm i mbaol; Ciallaíonn "cúram athshlánúcháin" na seirbhísí chun feidhmeanna agus struchtúir na bhfeidhmeanna agus struchtúr coirp lagaithe a chobhsú, a fheabhsú nó a thabhairt ar ais, chun easpa nó caillteanas feidhmeanna agus struchtúr coirp a chúiteamh, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus mallachair, aimhréidheanna agus rioscaí leighis a chosc;

5. "Cúram leigheasach agus athshlánúcháin lae": Ciallaíonn "cúram lae" na seirbhísí pleanáilte leighis agus paraileighis a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d'othair a tógadh isteach go foirmiúil chun diagnóis, cóireáil nó cineálacha eile cúraim sláinte a dhéanamh agus a scaoiltear an lá céanna; Ciallaíonn "cúram leigheasach" na seirbhísí cúraim sláinte a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu na siomptóim a mhaolú nó déine tinnis nó díobhála a laghdú, nó a chinntiú nach rachaidh sé in olcas nó in aimhréidh i gcaoi a chuirfeadh an bheatha nó an ghnáthfheidhm i mbaol; Ciallaíonn "cúram athshlánúcháin" na seirbhísí chun feidhmeanna agus struchtúir na bhfeidhmeanna agus struchtúr coirp lagaithe a chobhsú, a fheabhsú nó a thabhairt ar ais, chun easpa nó caillteanas feidhmeanna agus struchtúr coirp a chúiteamh, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus mallachair, aimhréidheanna agus rioscaí leighis a chosc;

6. "Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar seachtrach": Ciallaíonn "cúram othar seachtrach" na seirbhísí leighis agus coimhdeacha a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d'othar nach dtógtar isteach go foirmiúil dó agus nach bhfanann thar oíche; Ciallaíonn "cúram leigheasach" na seirbhísí cúraim sláinte a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu na siomptóim a mhaolú nó déine tinnis nó díobhála a laghdú, nó a chinntiú nach rachaidh sé in olcas nó in aimhréidh i gcaoi a chuirfeadh an bheatha nó an ghnáthfheidhm i mbaol; Ciallaíonn "cúram athshlánúcháin" na seirbhísí chun feidhmeanna agus struchtúir na bhfeidhmeanna agus struchtúr coirp lagaithe a chobhsú, a fheabhsú nó a thabhairt ar ais, chun easpa nó caillteanas feidhmeanna agus struchtúr coirp a chúiteamh, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus mallachair, aimhréidheanna agus rioscaí leighis a chosc;

7. "Cúram leigheasach agus athshlánúcháin sa bhaile": Ciallaíonn "cúram sa bhaile" na seirbhísí leighis, coimhdeacha agus altranais a chaitheann othair sa bhaile agus a mbíonn láithreacht fhisiciúil na soláthraithe i gceist leo; Ciallaíonn "cúram leigheasach" na seirbhísí cúraim sláinte a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu na siomptóim a mhaolú nó déine tinnis nó díobhála a laghdú, nó a chinntiú nach rachaidh sé in olcas nó in aimhréidh i gcaoi a chuirfeadh an bheatha nó an ghnáthfheidhm i mbaol; Ciallaíonn "cúram athshlánúcháin" na seirbhísí chun feidhmeanna agus struchtúir na bhfeidhmeanna agus struchtúr coirp lagaithe a chobhsú, a fheabhsú nó a thabhairt ar ais, chun easpa nó caillteanas feidhmeanna agus struchtúr coirp a chúiteamh, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus mallachair, aimhréidheanna agus rioscaí leighis a chosc;

8. "Cúram fadtéarmach othar cónaitheach (sláinte)": Ciallaíonn "cúram othar cónaitheach" an chóireáil agus/nó an cúram a sholáthraítear i saoráid cúraim sláinte d'othair a thógtar isteach go foirmiúil agus ar gá dóibh fanacht thar oíche; Ciallaíonn "cúram fadtéarmach (sláinte)" réimse seirbhísí cúraim leighis nó altranais agus cúraim phearsanta a sholáthraíonn cabhair le gnáthghníomhaíochtaí a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu pian agus fulaingt a mhaolú agus an meath ar stádas sláinte in othair a bhfuil spleáchas fadtéarmach acu a laghdú nó a bhainistiú;

9. “Cúram lae fadtéarmach othar (sláinte)”: Ciallaíonn “cúram lae” na seirbhísí pleanáilte leighis agus paraileighis a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d’othair a tógadh isteach go foirmiúil chun diagnóis, cóireáil nó cineálacha eile cúraim sláinte a dhéanamh agus a scaoiltear an lá céanna; Ciallaíonn “cúram fadtéarmach (sláinte)” réimse seirbhísí cúraim leighis nó altranais agus cúraim phearsanta a sholáthraíonn cabhair le gnáthghníomhaíochtaí a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu pian agus fulaingt a mhaolú agus an meath ar stádas sláinte in othair a bhfuil spleáchas fadtéarmach acu a laghdú nó a bhainistiú;

10. “Cúram fadtéarmach othar (sláinte)”: Ciallaíonn “cúram othar seachtrach” na seirbhísí leighis agus coimhdeacha a sheachadtar i saoráid cúraim sláinte d’othar nach dtógtar isteach go foirmiúil agus nach bhfanann thar oíche; Ciallaíonn “cúram fadtéarmach (sláinte)” réimse seirbhísí cúraim leighis nó altranais agus cúraim phearsanta a sholáthraíonn cabhair le gnáthghníomhaíochtaí a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu pian agus fulaingt a mhaolú agus an meath ar stádas sláinte in othair a bhfuil spleáchas fadtéarmach acu a laghdú nó a bhainistiú;

11. “Cúram fadtéarmach othar sa bhaile (sláinte)”: Ciallaíonn “cúram sa bhaile” na seirbhísí leighis, coimhdeacha agus altranais a chaitheann othair sa bhaile agus a mbíonn láithreacht fhisiciúil na soláthraithe i gceist leo; Ciallaíonn “cúram fadtéarmach (sláinte)” réimse seirbhísí cúraim leighis nó altranais agus cúraim phearsanta a sholáthraíonn cabhair le gnáthghníomhaíochtaí a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu pian agus fulaingt a mhaolú agus an meath ar stádas sláinte in othair a bhfuil spleáchas fadtéarmach acu a laghdú nó a bhainistiú;

12. Ciallaíonn “seirbhísí coimhdeacha (nach sonraítear de réir feidhme)” na seirbhísí cúraim sláinte nó na seirbhísí fadtéarmacha a bhaineann le cúram nach sonraítear de réir feidhme agus nach sonraítear de réir modh soláthair, ar seirbhísí iad a chaitheann an t-othar go díreach, go háirithe le linn teagmháil neamhspleách leis an gcóras sláinte agus nach cuid dhílis iad de phacáiste seirbhíse cúraim, amhail seirbhísí saotharlainne nó íomháithe nó iompar othar agus tarrtháil éigeandála;

13. Ciallaíonn “cógais agus earraí leighis neamh-mharthanacha eile (nach sonraítear de réir feidhme)” táirgí cógaisíochta agus earraí leighis neamh-mharthanacha atá beartaithe lena n-úsáid chun galar a dhiagnóisiú, a leigheas, a mhaolú nó a chóireáil, lena n-áirítear cógais fhorordaithe agus drugaí thar an gcuntar, i gcás nach sonraítear an fheidhm agus an modh soláthair;

14. Ciallaíonn “fearais theiripeacha agus earraí leighis eile (nach sonraítear de réir feidhme)” earraí leighis marthanacha lena n-áirítear feistí ortótacha a thacaíonn le míchumaí agus/nó mínormáltachtaí chorp an duine nó a cheartaíonn iad, fearais ortaipéideacha, próistéisí nó síntí saorga a chuirtear in ionad cuid den chorp atá ar iarraidh, agus feistí próistéiticeacha eile lena n-áirítear ionchlannáin a chuirtear in ionad feidhmiúlacht struchtúir bhitheolaíoch atá ar iarraidh nó lena bhforlíontar feidhmiúlacht na struchtúr sin, agus feistí leighis teicniúla, i gcás nach sonraítear an fheidhm agus an modh soláthair;

15. Ciallaíonn “cúram coisctheach” aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige líon nó déine gortuithe agus galar, agus na hainiarmhairtí agus aimhréidheanna a bhaineann leo, a sheachaint nó a laghdú;

16. Ciallaíonn “córas rialachais agus sláinte agus riarachán maoinithe” seirbhísí a dhíríonn ar an gcóras sláinte seachas ar chúram sláinte díreach, a threoraíonn feidhmiú an chórais sláinte agus a thacaíonn leis, agus a mheastar a bheith comhchoiteann, toisc nach leithdháiltear iad ar dhaoine aonair sonracha ach a théann chun tairbhe d’úsáideoirí uile an chórais sláinte;

17. Cuimsítear le “seirbhísí cúraim sláinte eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile” aon seirbhís cúraim sláinte eile nach n-aicmítear in HC.1 go HC.7;

18. Ciallaíonn “scéimeanna maoinithe cúraim sláinte” na cineálacha socruithe maoinithe trína bhfaigheann daoine seirbhísí sláinte, lena n-áirítear íocaíochtaí díreacha ó theaghlaigh le haghaidh seirbhísí agus earraí agus socruithe maoinithe tríú páirtí;

19. Ciallaíonn “scéimeanna rialtais” scéimeanna um maoiniú cúraim sláinte a ndéanann an dlí nó an rialtas a saintréithe a chinneadh agus ina leagtar síos buiséad ar leithligh le haghaidh an chláir agus aonad rialtais a bhfuil freagracht fhoriomlán aige as;

20. Ciallaíonn "scéimeanna árachais sláinte sóisialta" socrú maoinithe chun rochtain ar chúram sláinte a áirithiú le haghaidh grúpaí daonra sonracha trí rannpháirtíocht éigeantach a chinneann an dlí nó an rialtas, agus cáilitheacht atá bunaithe ar ranníocaíochtaí árachais sláinte a bheith íoctha ag na daoine aonair lena mbaineann nó thar a gceann;

21. Ciallaíonn "scéimeanna árachais príobháideacha éigeantacha" socrú maoinithe chun rochtain ar chúram sláinte a áirithiú le haghaidh grúpaí daonra sonracha trí rannpháirtíocht éigeantach a chinneann an dlí nó an rialtas agus cáilitheacht atá bunaithe ar pholasaí árachais sláinte a cheannach;

22. Ciallaíonn "scéimeanna árachais sláinte deonacha" scéimeanna atá bunaithe ar pholasaí árachais sláinte a cheannach, nach ndéanann an rialtas éigeantach agus ina bhféadfaidh an rialtas préimheanna árachais a fhóirdheonú go díreach nó go hindíreach;

23. Ciallaíonn "scéimeanna maoinithe institiúidí neamhbhrabúis" socruithe maoinithe neamhéigeantacha agus cláir a bhfuil teidlíocht sochair neamhranníocach acu atá bunaithe ar thabhartais ón bpobal i gcoitinne, ón rialtas nó ó chorparáidí;

24. Ciallaíonn "scéimeanna maoinithe fiontar" go príomha socruithe ina ndéanann fiontair seirbhísí sláinte a sholáthar nó a mhaoiniú dá bhfostaithe gan dul i muinín scéim de chineál árachais;

25. Ciallaíonn "íocaíocht teaghlaigh dhíreach" íocaíocht dhíreach le haghaidh earraí agus seirbhísí cúraim sláinte ó ioncam príomha nó ó choigilteas an teaghlaigh, i gcás ina ndéanann an t-úsáideoir an íocaíocht tráth a cheannaítear earraí nó a úsáidtear na seirbhísí;

26. Ciallaíonn "scéimeanna maoinithe sa chuid eile den domhan" socruithe airgeadais lena bhfuil baint ag aonaid institiúideacha atá ina gcónaí thar lear nó atá á mbainistiú acu, ach a bhailíonn acmhainní, a chomhthiomsaíonn iad agus a cheannaíonn earraí agus seirbhísí cúraim sláinte thar ceann cónaitheoirí, gan a gcistí a sheoladh trí scéim chónaitheach;

27. Ciallaíonn "soláthraithe cúraim sláinte" na heagraíochtaí agus na gníomhaithe arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí agus seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar, chomh maith leis na heagraíochtaí agus na gníomhaithe sin nach bhfuil soláthar cúraim sláinte ach ar cheann dá ngníomhaíochtaí;

28. Ciallaíonn "ospidéal" na bunaíochtaí ceadúnaithe atá ag gabháil go príomha do sholáthar seirbhísí leighis, diagnóiseacha agus cóireála lena n-áirítear seirbhísí lia, altranais agus seirbhísí sláinte eile a sholáthar d'othair chónaithe agus na seirbhísí cóiríochta speisialaithe a theastaíonn ó othair chónaithe. Ina theannta sin, is féidir leis na bunaíochtaí sin seirbhísí cúraim lae, cúram othar seachtrach agus cúram sláinte baile a sholáthar freisin;

29. Ciallaíonn "saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe" bunaíochtaí a bhíonn ag gabháil go príomha do chúram fadtéarmach cónaithe a sholáthar ina gcomhcheanglaítear an t-altranas, an mhaoirseacht nó cineálacha eile cúraim de réir mar atá siad ag teastáil ó na cónaitheoirí, i gcás ina bhfuil cuid shuntasach den phróiseas táirgthe agus den chúram a sholáthraítear ina meascán de sheirbhísí sláinte agus sóisialta agus go bhfuil na seirbhísí sláinte go príomha ar leibhéal an chúraim altranais i gcomhcheangal le seirbhísí cúraim phearsanta;

30. Ciallaíonn "tairgeoirí cúraim sláinte shiúlaigh" bunaíochtaí atá ag gabháil go príomha do sheirbhísí cúraim sláinte a sholáthar go díreach d'othair sheachtracha nach dteastaíonn seirbhísí d'othair chónaitheacha uathu, lena n-áirítear oifigí liachleachtóirí ginearálta agus oifigí speisialtóireachta agus bunaíochtaí atá ag sainfheidhmiú i gcóireáil cásanna lae agus i seachadadh seirbhísí cúraim baile;

31. Ciallaíonn "soláthraithe seirbhísí coimhdeacha" bunaíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha sonracha go díreach d'othair sheachtracha faoi mhaoirseacht gairmithe sláinte agus nach gcuimsítear faoi eipeasóid cóireála na n-ospidéal, na saoráidí cúraim altranais, na soláthraithe cúraim siúlaigh nó na soláthraithe eile;

32. Ciallaíonn "miondíoltóirí agus soláthraithe eile earraí leighis" bunaíochtaí arb é a bpríomhghníomhaíocht earraí leighis a mhiondíol leis an bpobal i gcoitinne lena gcaitheamh nó lena n-úsáid ag an duine aonair nó ag teaghlach, lena n-áirítear feistiú agus deisiú a dhéantar in éineacht le díol;

33. Ciallaíonn "soláthraithe cúraim choiscthigh" eagraíochtaí a sholáthraíonn cláir choisctheacha chomhchoiteanna agus feachtais chomhchoiteanna coisctheacha/cláir sláinte poiblí chomhchoiteanna go príomha do ghrúpaí sonracha de dhaoine aonair nó don daonra uile, amhail gníomhaireachtaí cur chun cinn sláinte agus cosanta nó institiúidí sláinte poiblí mar aon le bunaíochtaí speisialaithe arb é a bpríomhghníomhaíocht cúram coisctheach príomhúil a sholáthar;

34. Ciallaíonn "soláthraithe seirbhísí riaracháin agus maoinithe na gcóras cúraim sláinte" bunaíochtaí a bhíonn ag gabháil go príomha do rialáil gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí a sholáthraíonn cúram sláinte agus do riarachán foriomlán na hearnála cúraim sláinte, lena n-áirítear riarachán maoinithe sláinte;

35. Ciallaíonn "an chuid eile den gheilleagar" soláthraithe cúraim sláinte chónaithigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile, lena n-áirítear teaghlaigh mar sholáthraithe seirbhísí pearsanta sláinte sa bhaile do bhaill teaghlaigh, i gcásanna ina gcomhfhreagraíonn siad d'íocaíochtaí aistrithe sóisialta a dheonaítear chun na críche sin chomh maith le gach tionscal eile a thairgeann cúram sláinte mar ghníomhaíocht thánaisteach;

36. Ciallaíonn "an chuid eile den domhan" na haonaid neamhchónaitheacha uile a sholáthraíonn earraí cúraim sláinte agus seirbhísí cúraim sláinte chomh maith leis na haonaid neamhchónaitheacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le sláinte.

IARSCRÍBHINN II

**Ábhair atá le cumhdach agus a saintréithe, sonraí trasaicmithe agus miondealuithe**

(1) Trasaicmiú ar chaiteachas reatha ar chúram sláinte de réir feidhmeanna cúraim sláinte agus scéimeanna maoinithe (HF)

*Tarchuirfear na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliún.*

| | Scéimeanna maoinithe | HF.1.1 | HF.1.2.1 | HF.1.2.2 | HF.2.1 | HF.2.2 | HF.2.3 | HF.3 | HF.4 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Feidhmeanna cúraim sláinte | | Scéimeanna rialtais | Scéimeanna árachais sláinte sóisialta | Scéimeanna árachais príobháideacha éigeantacha | Scéimeanna árachais sláinte deonacha | Scéimeanna um maoiniú institiúidí neamhbhrabúis | Scéimeanna maoinithe fiontar | Íocaíocht teaghlaigh dhíreach | Scéimeanna maoinithe sa chuid eile den domhan | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HF.1-HF.4* |
| HC.1.1; HC.2.1 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar cónaitheach | | | | | | | | | |
| HC.1.2; HC.2.2 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin lae | | | | | | | | | |
| HC.1.3; HC.2.3 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar seachtrach | | | | | | | | | |
| HC.1.4; HC.2.4 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin sa bhaile | | | | | | | | | |
| HC.3.1 | Cúram fadtéarmach othar cónaitheach (sláinte) | | | | | | | | | |
| HC.3.2 | Cúram fadtéarmach othar lae (sláinte) | | | | | | | | | |
| HC.3.3 | Cúram fadtéarmach othar seachtrach (sláinte) | | | | | | | | | |
| HC.3.4 | Cúram fadtéarmach sa bhaile (sláinte) | | | | | | | | | |
| HC.4 | Seirbhísí coimhdeacha (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | |
| HC.5.1 | Cógaisíocht agus earraí leighis neamh-mharthanacha eile (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | |
| HC.5.2 | Fearais theiripeacha agus earraí leighis eile (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| HC.6 | Cúram sláinte coisctheach | | | | | | | | | |
| HC.7 | Rialachas agus córas sláinte agus riarachán airgeadais | | | | | | | | | |
| HC.9 | Seirbhísí eile cúraim sláinte nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | | | | | | | | |
| | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HC.1-HC.9* | | | | | | | | | |

(2) Trasaicmiú ar chaiteachas reatha ar chúram sláinte de réir feidhmeanna cúraim sláinte agus soláthraithe cúraim sláinte (HP)

*Tarchuirfear na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliún.*

| | Soláthraithe cúraim sláinte | HP.1 | HP.2 | HP.3 | HP.4 | HP.5 | HP.6 | HP.7 | HP.8 | HP.9 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Feidhmeanna cúraim sláinte | | Ospidéil | Saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaitheacha | Soláthraithe cúraim sláinte shiúlaigh | Soláthraithe seirbhísí coimhdeacha | Miondíoltóirí agus soláthraithe eile earraí leighis | Soláthraithe cúraim choisctheach | Soláthraithe riaracháin agus maoinithe na gcóras cúraim sláinte | An chuid eile den gheilleagar | An chuid eile den domhan | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HP.1-HP.9* |
| HC.1.1; HC.2.1 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar cónaitheach | | | | | | | | | | |
| HC.1.2; HC.2.2 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin lae | | | | | | | | | | |
| HC.1.3; HC.2.3 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin othar seachtrach | | | | | | | | | | |
| HC.1.4; HC.2.4 | Cúram leigheasach agus athshlánúcháin sa bhaile | | | | | | | | | | |
| HC.3.1 | Cúram fadtéarmach othar cónaitheach (sláinte) | | | | | | | | | | |
| HC.3.2 | Cúram fadtéarmach othar lae (sláinte) | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| HC.3.3 | Cúram fadtéarmach othar seachtrach (sláinte) | | | | | | | | | | |
| HC.3.4 | Cúram fadtéarmach othar sa bhaile (sláinte) | | | | | | | | | | |
| HC.4 | Seirbhísí coimhdeacha (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | | |
| HC.5.1 | Cógais agus earraí leighis neamh-mharthanacha eile (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | | |
| HC.5.2 | Fearais theiripeacha agus earraí eile leighis (nach sonraítear de réir feidhme) | | | | | | | | | | |
| HC.6 | Cúram sláinte coisctheach | | | | | | | | | | |
| HC.7 | Rialachas agus córas sláinte agus riarachán airgeadais | | | | | | | | | | |
| HC.9 | Seirbhísí eile cúraim sláinte nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | | | | | | | | | |
| | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HC.1-HC.9* | | | | | | | | | | |

(3) Trasaicmiú ar chaiteachas reatha ar chúram sláinte de réir soláthraithe cúraim sláinte (HP) agus scéimeanna maoinithe (HF)

*Tarchuirfear na sonraí uile san airgeadra náisiúnta de réir milliún.*

| | Scéimeanna maoinithe | HF.1.1 | HF.1.2.1 | HF.1.2.2 | HF.2.1 | HF.2.2 | HF.2.3 | HF.3 | HF.4 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Soláthraithe cúraim sláinte | | Scéimeanna rialtais | Scéimeanna árachais sláinte shóisialta | Scéimeanna árachais príobháideacha éigeantacha | Scéimeanna árachais sláinte deonacha | Scéimeanna um maoiniú institiúidí neamhbhrabúis | Scéimeanna maoinithe fiontar | Íocaíocht teaghlaigh dhíreach | Scéimeanna maoinithe na coda eile den domhan (scéimeanna neamhchónaitheacha) | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HF.1-HF.4* |
| HP.1 | Ospidéil | | | | | | | | | |
| HP.2 | Saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaitheach | | | | | | | | | |
| HP.3 | Soláthraithe cúraim sláinte shiúlaigh | | | | | | | | | |
| HP.4 | Soláthraithe seirbhísí coimhdeacha | | | | | | | | | |
| HP.5 | Miondíoltóirí agus soláthraithe eile earraí leighis | | | | | | | | | |
| HP.6 | Soláthraithe cúraim choisicthigh | | | | | | | | | |
| HP.7 | Soláthraithe riaracháin agus maoinithe na gcóras cúraim sláinte | | | | | | | | | |
| HP.8 | An chuid eile den gheilleagar | | | | | | | | | |
| HP.9 | An chuid eile den domhan | | | | | | | | | |
| | *Caiteachas reatha ar chúram sláinte HP.1-HP.9* | | | | | | | | | |